

an tionscal bia mara a fhorbairt



robail chosta a chothú



Bord Iascaigh Mhara
Irish Sea Fisheries Board

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2008



Clár Ábhar

An Cathaoirleach agus Bord na Stiúrthóirí	2
An Eagraíocht	3
Ráiteas an Chathaoirligh	4
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	6
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	19
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	20
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	21
Ráiteas ar Bheartais Cuntasaíochta	22
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	24
Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Iomlána Aitheanta	25
An Clár Comhardaithe	26
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	27
Nótaí leis na Cuntais	29
Íocaíochtaí Deontais	37



An Cathaoirleach agus Bord na Stiúrthóirí



Rose McHugh
An Cathaoirleach

Is é misean Bhord Iascaigh Mhara “forbairt inbhuanaithe Thionscal Bia Mara na hÉireann ar muir agus ar talamh a chur chun cinn agus chun tacú lena éagsúlú sna réigiúin cois cósta ionas go bhfeabhsaítear an méid a dhéanann an earnáil don fhostaíocht, ioncam agus leas ar bhonn réigiúnach agus náisiúnta araon.”

Féachann na beartais agus na cláir, a réitíonn Bord BIM, le cuspóirí an mhisin seo a bhaint amach agus leagtar amach iad laistigh de chreatlach an Phlean Forbartha Náisiúnta, beartais AE agus acmhainní a bhfuil fáil orthu.



Bobby Molloy
Comhalta



Seamus Dooley
Comhalta



Ivan Coulter
Comhalta



Michael Dempsey
Comhalta



Enda Bonner
Comhalta

An Eagraíocht



Rose McHugh
An Cathaoirleach



Jason Whooley
Príomhfheidhmeannach



Connie Kelleher
Rúnaí / Bainisteoir Airgeadais



Donal Maguire
Bainisteoir Forbartha
Dobharshaothraithe



Michael Keatinge
Bainisteoir Forbartha Iascaigh



Richard McCormick
Bainisteoir Seirbhísí Muirí



Donal Buckley
Bainisteoir Forbartha Gnó agus Margaidh

Ráiteas an Chathaoirligh

Bliain inar thit roinnt mhaith gníomhaíochtaí agus dul chun cinn amach do BIM ba í 2008, ó thaobh tacaíochtaí leanúnacha le tionscal agus ó thaobh forbairt seirbhísí nua araon le gné bhreisluacha bia mara na hÉireann a chur chun feabhais.



Léiríonn an laghdú 5.6% a tháinig ar luach comhfhreagrach díolachán iomlán bia mara 2007 (€714.76 milliún) ar mhargai baile agus easpórtála na coinníollacha dúshlánacha geilleagracha sa bhaile agus ar fud na tíre atá ina n-ualach ar an tionscal. Is léir ó na torthaí, áfach, in earnáil na mbradán go háirithe, go bhfuilimid ag leanúint orainn agus tréandíolacháin á gcothú de bharr na dea-cháile atá orainn ar fud an domhain i dtaca le bia mara ardchaighdeáin. Tá sé ina rithábacht go ndírímid ar ár dtionscail dhúchasacha lena n-áirítear an earnáil bhia mara, le cinntiú go mbíonn aird ar a mhéid is féidir leis an mborradh féideartha cur le geilleagar agus le saol sóisialta phobail chósta na hÉireann agus leis an tír tríd síos.

Breis is €42.2 milliún ba ea an deontas iomlán infheistíochta a d'íoc BIM in 2008, a léirigh méadú €18 milliún (75%) ar an méid a íocadh in 2007. Bhain gné thábhachtach den deontas seo leis an gClár um Dhíchoimisiúnú Cabhlach agus íocaíochtaí a íocadh ar fiú €21 milliún iad in 2008, agus an fuilleach de €15.6 milliún atá le híoc go luath in 2009. Ar na nithe eile a áiríodh san fhoriomlán bhí €10.135 milliún a íocadh faoin Scéim Cruatain Bhradán arna riar ag BIM ar son an Rialtais.

Lean BIM orthu in 2008 lena dtionscnaimh thacaíochta do chustaiméirí agus tacaíocht chomhairleach á cur ar fáil do chuideachtaí bia mara i ndáil le limistéir rithábachtacha lenar bhain caighdeán, bainistíocht chomhshaoil agus forbairt gnó. Is éard a bhí i gceist leis an obair seo meantóireacht duine le duine le príomhchuideachtaí san earnáil d'fhonn cabhrú leo pleananna gnó, straitéisí bainistíochta comhshaoil agus cláir nuálaíochta a fhorbairt le cur le luach a ngnólaigh reatha.

Mar fhreagairt ar na deacrachtaí a bhí ag an tionscal in 2008, bhí BIM mar aon le tacaíocht ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ina n-óstaigh don chomhdháil 'Fish Ireland 2008' i nDún na nGall a chruthaigh deis do na príomhghníomhairí san earnáil comhaontú ar conas is féidir linn na dúshláin seo a fhuascailt agus le difreáil a dhéanamh ar bhia mara na hÉireann. Ina theannta sin, bhí BIM i gceannas ar thoscaireacht rathúil trádála de 27 cuideachta Éireannach bia mara ar bun ag

Is léir ó na torthaí,
go háirithe in
earnáil na mbradán,
go bhfuilimid ag
leanúint orainn agus
tréandíolacháin á gcothú
de bharr na dea-cháile
atá orainn ar fud an
domhain i dtaca le bia
mara ardchaighdeáin.


Mórhaispeántas Bia Mara na hEorpa sa Bhruiséil, arb é an t-aonach bia mara is mó ar domhan. Chuir an puball ina raibh 'Ireland – the Seafood Market' ar siúl, a tógadh go speisialta agus lena mbaineann áilleacht amhairc de chuid BIM an deis do na cuideachtaí a thug cuairt ar an imeacht a dtáirgí a thaispeáint do lucht ceannaithe ó breis is 80 tír.

Ar son Bhord, Lucht Bainistíochta agus Chomhaltaí Foirne BIM, ba dheas liom an deis seo a thapú le mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Smith, leis an Aire Killeen agus le hoifigigh a Roinne as ucht a dtacaíochta leanúnaí. Tá aird againn, leis, ar thacaíocht agus ar chabhair airgeadais an Aontais Eorpaigh lena mbaineann Bearta Dobharshaothraithe agus lascaigh an NDP go príomha.

Táim thar a bheith buíoch den am agus den saineolas a chuir comhaltaí Bhord BIM ar fáil ar mhaithe le seirbhís BIM agus leis an tionscal bia mara, i gcoitinne.

Agus ar deireadh ba mhaith liom beannú do shaothar crua agus díograis lucht bainistíochta agus chomhaltaí foirne BIM, a mbaineann tábhacht lena mhéid a dhéanann siad ar son shaothar na heagraíochta agus sinn go léir ag obair i gcomhpháirtíocht i dtreo fhorbairt eanáil bhia mara na hÉireann atá athstruchtúrtha, brabúsach agus inbhuanaithe.

Rose McHugh
An Cathaoirleach



Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

LÉARGAS GINEARÁLTA

Bliain dhúshlánach a bhí in 2008 don tionscal agus praghsanna laghdaithe le haghaidh speiceas ardluacha go háirithe agus mórtionchar ag praghsanna ardaithe breosla ar an tionscal. Tá an tionscal, na pobail agus na custaiméirí lena mbaineann faoi chúinsí nua i dteannta na timpeallachta reatha; tá sé riachtanach go dtugaimid faoi na cúinsí seo d'fhonn a chinntiú gur féidir leis an earnáil todhchaí a chinntiú i margadh fíor-iomaíoch domhanda.



Eascaíonn deiseanna iontacha as mórdhúshlán, áfach; tá tréantionscal iascaireachta agus dobharshaothraithe againn a bhfuil cáil air ar fud an domhain agus ba léir seo ag tréanfheidhmiú na hearnála in 2008 in ainneoin coinníollacha fíor-dhúshlánacha trádála.

B'ionann €714.76 milliún agus iomlán na ndíolachán bia mara ar mhargaí baile agus easpórtála araon in 2008, gan teacht i dtír díreach bád Éireannach i gcalaí iasachta a áireamh, ar laghdú 5.6% é seo ar an luach comhfhreagrach díolachán iomlán bia mara 2007 a léirigh gluaiseachtaí diúltacha airgeadra chomh maith le héileamh méadaithe i measc tomhaltóirí ar tháirgí bia mara de luach níos ísle. Den iomlán seo, b'ionann díolachán bhia mara ar an margadh baile agus €381 milliún agus b'ionann €334 milliún agus díolachán easpórtála.

Ba é an bradán ba mhó ar a raibh éileamh ó thaobh díolachán de san earnáil bhia mara agus méadú 13% le sonrú ar dhíolachán in 2008 go dtí €58.7 milliún. Tháinig méadú suntasach 28.8% ar dhíolachán bhradán réamhphacáistithe in 2007. D'éirigh go maith leis an earnáil pheiligeach agus díolachán ronnach, bolmán, faoitíní gorma agus scadán ó baineadh €130 milliún amach.

Tháinig méadú 12% ar an méid iomlán díolachán bia mara in 2008, an tráth céanna inar tháinig méadú 3.2% go €185.8 milliún ar luach na ndíolachán seo.

Ag feidhmiú mar an ngníomhaireacht fhorbarthach le haghaidh na hearnála bia mara, b'ionann €33.3 milliún agus infheistíocht iomlán deontais BIM in 2008.

Fuair nócha a ceathair gnólacht a bhíonn ag plé le dobharshaothrú infheistíocht ó BIM arb ionann í agus €3.31 milliún, mar chuid de chlár comhiomlán infheistíochta arb ionann é agus €8.25 milliún. B'ionann an infheistíocht iomlán don chabhlach agus d'iascaigh mhara amach anseo agus €34.6

Tá tréantionscal
iascaireachta
agus dobharshaothraithe
againn a bhfuil cáil air
ar fud an domhain
agus ba léir seo
ag tréanfheidhmiú na
hearnála in 2008
in ainneoin
coinníollacha
fíor-dhúshlánacha
trádála.

milliún agus €1.33 milliún arna chur ar fáil le tacú le próiseáil agus le margaíocht.

Bliain thar a bheith gnóthach ba ea 2008 do BIM agus cuireadh roinnt tionscnaimh thábhachtacha i gcrích. Bhí BIM réamhghníomhach ó thaobh tabhairt faoi dhúshláin a bhí roimh an earnáil in 2008 agus le tacaíocht ón Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia eagraíodh comhdháil uathúil tionscail ‘Fish Ireland 2008’ le deis a thabhairt don tionscal mór faisnéis a scaipeadh agus le deiseanna a shainathint le dul i ngleic leis na dúshláin agus le neart a chur faoi earnáil bhia mara na hÉireann.

Chuir BIM sraith tionscnamh ar bun arna seoladh ag an gcomhdháil, lena n-áirítear comhchlár BIM / Fhiontraíocht Éireann ‘Clár Nuálaíochta Margaíochta’. Is é is cuspóir an chláir lámh chúnta a thabhairt do chuideachtaí bia mara na hÉireann freastal ar riachtanais shíorathraitheacha an mhargaidh bhia mara agus lena fheidhmiú agus lena bhorradh, ar an iomlán, a chur chun feabhais. Freagairt ar an easpa léir inniúlachta a raibh trácht uirthi sa tuarascáil ‘Slí Nua a Stiúradh – Straitéis do Thionscal Athstruchúrtha, Inbhuanaithe, Brabúsach Bia Mara na hÉireann 2007-2013’ (‘Steering a New Course – Strategy for the Restructured, Sustainable and Profitable Irish Seafood Industry 2007-2013’) is ea an cur chuige seo atá treoirithe ag custaiméirí arna ghlacadh ag BIM.

Mar réiteach ar na fadhbanna a bhí roimh ár gcabhlach iascaireachta, rinne BIM cuid mhór oibre ar an gClár um Dhíchoimisiúnú de chuid an Rialtais agus iomlán de 45 bád arna nglacadh anois faoin scéim, lenar bhain costas iomlán €36.1 milliún. Agus cuid den íocaíocht (€21 milliún) arna híoc in 2008, tá suim €16 milliún sa bhreis le híoc leis an mbabhta reatha a chur i gcrích in 2009. Ba cheart go mbeidh breis deiseanna um marú éisc a chruthú dóibh siúd a bhfuil bád acu go fóill ina thoradh air seo, mar aon le moltaí tábhachtacha eile a rinneadh sa tuarascáil ‘Slí Nua a Stiúradh’.

Leanann an tionscal dobarshaothraithe ag cur go mór leis an earnáil bhia mara lena mbaineann luach measta €131 milliún, agus táthar ag súil le méadú breise amach anseo ar a sciar de sholáthairtí iomlána éisc. Mar shampla, creideann BIM gur ann do dheis borrhtha láitreach bonn ar an earnáil orgánach dheimhnithe feirmeoireachta bradán chomh maith leis an deis poist nua a chruthú. Tháirg Éire 10,000 tona bradán a ndearnadh feirmeoireacht orthu in 2007 agus ba bhradáin dheimhnithe orgánacha iad thart ar 70% díobh seo. Bhí praghas 40% níos airde ar na héisc seo ná an gnáthphraghas



Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

margaidh. Meastar go bhféadfadh na margaí déileáil le 5,000 tona bradán orgánach a ndéantar feirmeoireacht orthu in Éirinn gan stró agus gan cur isteach ar an bpraghas. D'fhéadfadh méadú 5,000 tona ar an táirgeacht bhradán ó Éirinn a mhéid agus 300 post lánaimseartha coibhéiseach a chruthú sa limistéar seo amháin.

Tosaíocht rithábachtach maidir le dul chun cinn BIM a bheidh i ngluaiseacht na hearnála chun tosaigh ag cur le cúrsaí luacha trí iomaíocht níos fearr. In ainneoin na ndúshlán, is an-daingean go fóill é bonn na hearnála bia mara agus is ann do go leor deiseanna le haghaidh breis borrrha agus cruthú post.

Tá BIM tiomanta do chinntiú go dtapaítear na deiseanna seo. Mar eagraíocht, tá síorathrú ag teacht orainn le himeacht ama le seirbhísí nuálaíocha agus le breisluach ard a chur ar fáil chun tionscal a chruthú a bheidh níos dírithe ar chúrsaí tráchtála agus a bheidh stiúirthe ag an margadh a chruthú.

FORBAIRT IASCACH

Cúlra

Téamaí lenar bhain rithábacht ba ea an comhshaol muirí, inbhuanaitheacht na stoc éisc agus cosaint na bithéagsúlachta i ndáil le Forbairt Iascach i rith 2008. Mórdhúshlán atá i gcomhdhlúthú gréasán ceantar faoi chaomhnú speisialta agus ceantar faoi chosaint speisialta (SAC) NATURA 2000, don earráil chladaigh ach go háirithe. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag BIM san uile limistéar seo le tamall de bhlianta anuas,

lena n-áirítear gréasán Coistí Áitiúla Comhairleacha agus Grúpaí Comhairleacha Speiceas a bhunú le haghaidh stoc cladaigh chomh maith le seoladh ár gcláir Chóras Bainistíochta Comhshaoil. Cuireann na rudaí seo bonn faoin obair le tionscal áitiúil le cinntiú go leantar ar aghaidh leis an iascaireacht

amach anseo i gceantair arna sannadh faoi na treoracha éagsúla comhshaoil; go dtugann Éire faoina cuid dualgais éilitheacha, go náisiúnta, faoi mar a leagadh amach iad di faoi na treoracha seo; agus, go dtacaítear le tionscal i bhforbairt agus i nglacadh le pleananna oiriúnaithe bainistíochta comhshaoil agus iascaigh a oireann dá gcuid iascach.

Díchoimisiúnú Cabhlach

Seoladh mórchlár um dhíchoimisiúnú cabhlach i mí Feabhra 2008. Bhí baint 45 bád den chabhlach iasc geal ina thoradh ar an scéim seo, 'Todhchaí Inbhuanaithe a Chruthú do Chabhlach Iascaireachta na hÉireann' ('Building a Sustainable Future for Ireland's Fishing Fleet'), lenar bhain costas iomlán €36.1 milliún, as a ndearnadh íocaíochtaí €21 milliún le linn 2008. Is ionann na báid seo agus comhthoilleadh 6,818GT agus 19,041kW chomh maith le sé bhád le toilleadh gníomhach peiligeach (iomlán de 905GT agus 2186kW faoi seach).

Scéim Cruatain Bhradán

Íocadh iomlán de 639 íocaíocht, arb ionann iad seo agus €10.135 milliún, mar chuid den Scéim Cruatain Bhradán. Tugadh an scéim seo isteach de bhun Thuarascáil an Ghrúpa

Infheistíocht agus deontas le haghaidh iascach, 2008

Saghas an Deontais	Uimhir	Costas an Tionscadail	Costas Inghlactha	Deontas an AE	Deontas BIM	Deontas Iomlán
Sábháilteacht	59	€942,797.16	€928,520.00	€324,980.00	€46,428.00	€371,408.00
Sábháilteacht (de minimis)	87	€174,000.00	€173,191.00	€0.00	€69,275.00	€69,275.00
Scipéir óg	3	€869,435.00	€869,435.00	€43,472.00	€43,472.00	€86,944.00
Caighdeán ar bord	22	€748,299.00	€746,999.00	€261,450.00	€37,350.00	€298,800.00
Trealamh iascaireachta atá neamhdhiobhálaigh don chomhshaol	39	€1,314,632.00	€1,309,032.00	€409,244.00	€65,447.00	€474,691.00
Díchoimisiúnú	44	€20,999,998.96	€20,999,998.96	€15,749,999.30	€5,249,999.66	€20,999,998.96
Bearta tacaíochta	68	€9,161,202.00	€9,161,202.00	€4,943,589.00	€1,228,430.00	€6,172,019.00
Éagsúlú Cladaigh Báid Nua	2	€474,000.00	€474,000.00	€0.00	€189,600.00	€189,600.00
Éagsúlú Cladaigh Sábháilteacht	12	€135,153.00	€135,153.00	€0.00	€54,061.00	€54,061.00
Cruatan Bradán	639	€10,135,281.00	€10,135,281.00	€0.00	€10,135,281.00	€10,135,281.00
Iomlán	975	€44,954,798.12	€44,932,811.96	€21,732,734.30	€17,119,343.66	€38,852,077.96

Neamhspleách Bradán (Independent Salmon Group) agus chinneadh an Rialtais dul i ngleic leis an gcruatan ar ann dó i measc iascairí tráchtála bradán ar a raibh tionchar ag an gcinneadh go ndéanfaí iascach bradán fiáin de réir na comhairle ó Bhuanchóiste Eolaíochta an Choimisiúin Náisiúnta Bradán le haghaidh 2007 agus ina dhiaidh.

Bearta Tacaíochta d'Fhorbairt Iascaigh Mhara

Rinneadh 68 tionscadal, ar an iomlán, a mhaoiniú faoi Bhearta Tacaíochta d'Fhorbairt Iascaigh. B'ionann €9.161 milliún agus an infheistíocht iomlán faoin scéim seo in 2008 agus b'ionann €6.172 milliún agus an deontas ar mhaithe le caighdeán na gcladaí a chothú, le bainistíocht inbhuanaithe iascaigh, le deimhniú caighdeán agus le hinrianaítheacht, le caomhnú, agus le hiascaigh chósta ar mhionscála.

Éagsúlú Cladaigh agus Clár Sábháilteachta

Tógadh dhá bhád nua le haghaidh slatiascaireacht mhara / turasóireacht mhara in 2008. Rinneadh infheistíocht iomlán €0.474 milliún agus tugadh deontas €0.190 milliún ina thaobh seo. Leis sin san áireamh, cuireadh 21 deontas do bháid nua ar fáil ón taca a tugadh isteach an scéim éagsúlaithe in 2001 go dtí an t-am i láthair.

Trealamh Iascaireachta atá Neamhdhíobhálach don Chomhshaoil

Tá an Scéim Deontais do Threalamh Iascaireachta atá Neamhdhíobhálach don Chomhshaoil agus do Threalamh Monatóireachta ar Bhreosla in ainm is lámh chúnta a thabhairt d'iascairí leas a bhaint as trealamh iascaireachta atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaoil agus as trealamh a úsáideann breosla níos éifeachtaí. Chuaigh an scéim seo chun sochair 39 úinéir báid i rith na bliana agus tugadh deontas arb ionann agus €474,691 é in éineacht le hinfeistíocht €1,315,282 a rinneadh le haghaidh ceannach trealaimh.

TEICNEOLAÍOCHT MHÚIRÍ

Córais Bhainistíochta Comhshaoil (EMS)

Rinneadh lámhleabhar Córais Bhainistíochta Comhshaoil a fhorbairt agus a thabhairt isteach go rathúil san earnáil ghabhála in 2008 ag eascairt as triailtionscadal a cuireadh i gcrích in 2008. Agus leas á bhaint as an lámhleabhar seo, agus le cabhair ó mheantóir tionscail (iascaire gníomhach ó iardheisceart na tíre), d'éirigh le 16 bhád iasc geal an chéad chéim de bhunú Córais Bhainistíochta Comhshaoil a chríochnú le haghaidh a n-iascaigh. Sa mhullach air sin, bhain báid ón earnáil pheiligeach thiar thuaidh leas as cur chuige an EMS agus as lámhleabhar BIM maidir lena n-iarraacht rathúil cur isteach ar chreidiúnú na *Comhairle Maoirseachta Mara* (MSC) le haghaidh iascaigh ronnach.

Dul i nGleic le Cuileáil in Iascaigh

Tuadh faoi roinnt trialacha ar muir i gcomhoibriú leis an earnáil ghabhála iasc geal a raibh sé de chuspóir acu bealaí nua a aimsiú roghnaíocht trealaimh ar tarraingt a chur chun feabhais mar aon leis an méid cuileála gan iarraidh a laghdú agus na himpleachtaí ar Iascaigh na hÉireann lena mbaineann tograí cuileála Eorpaí á sainaithint. Cuireadh trialacha le líonta móra mogalra i gcrích in iascach cadóg Rocal agus san iascach cladaigh chloicheán amach ón gcósta thiar theas chomh maith le tástálacha le heangach sholúbtha a raibh sé de chuspóir aici láimhínigh óga a scaoileadh. Rinneadh plé mór ar thorthaí na dtrialacha seo leis an earnáil ghabhála éisc agus rinneadh na tuarascálacha cuí a chuimsiú sna measúnuithe eolaíochta arna dtabhairt faoi ag Foras na Mara agus ag comhlachtaí eile idirnáisiúnta.

FORBAIRT ACMHAINNÍ

Treoracha um Chaighdeán agus Creidiúnú

Éacht mór a dhóthain a bhí i gcreidiúnú na Comhairle Maoirseachta Mara (MSC) a fháil le haghaidh an iascaigh ronnach thiar thuaidh in 2008 agus sinn ag cur le rath sraith treoracha um chaighdeán le haghaidh speicis pheiligeacha de chuid BIM chomh maith le tabhairt isteach chlár na gCóras Bainistíochta Comhshaoil BIM do bhia mara fiáin a gabhadh. Táthar ag súil go mbeidh creidiúnú MSC curtha i gcrích sula mbeidh taca an iascaigh ronnach thiar thuaidh (2009) sa mhullach orainn, agus rinne creidiúnú ar leith le haghaidh bád ó chalaí in iardheisceart na tíre dul chun cinn leis.

Bronnadh an creidiúnú '*Cara na Farraige*' ('*Friend of the Sea*') ar iascach a gabhadh le líne le haghaidh Tuinníní Bána in 2008, agus tá líon bád iascaireachta iascgeal san iardheisceart leis an mbranda '*Fuchsia*' de chuid an West Cork Leader, a bhaint amach le haghaidh táirge cáilithíoch de bhun obair a rinneadh i rith na bliana.

Éicilipéad Náisiúnta Cinntithe do Bhia Mara Fiáin na hÉireann

Cuireadh forbairt éicilipéid Náisiúnta chinntithe do Bhia Mara Fiáin na hÉireann (*Scéim Maoirseachta Bia Mara BIM*) ina gcuimsítear caighdeán ar bord agus ar an gcladach chun cinn go hardchéim laistigh de chomhpháirtíocht tionscail, eolaíochta, NGO agus leas gairmiúil lena mbaineann le tacaíocht ó threoir straitéiseach agus ó éilimh ar an margadh. Cuireann an scéim seo le scéimeanna den saghas céanna san earnáil dobharshaothraithe (arna bhforbairt ag BIM leis) agus

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

cuirfidh an scéim an ghné fhiáin ghafa de Chlár comhtháite um Bia Mara Ardchaighdeán ar fáil.

An Chéad Díolphointe do Bhia Mara

Lean obair ar siúl le tiomsach ar an gcladach, an *Chéid Díolphointe do Bhia Mara* (FPOS), ina raibh baint ag Comharchumainn Iascairí an Fheabhail, na Gaillimhe, Árann agus Cheann Chlochair mar aon le Cuideachta Iascairí Bhréantrá, mar chuid d'iarraicht an obair chomhoibritheach a chur i dtreise a dhéanann na ceithre chomhlacht, go háirithe i dtaca le córais chaighdeán agus le comhordú díolachán.

Ghlac Bainisteoirí Caighdeán i ngach ceann de na heagraíochtaí seo, a ndéantar maoiniú páirteach orthu faoin NDP, páirt i seimineáir ar an láthair lena bhain gnéithe caighdeán de speicis thábhachtacha. Forbraíodh córas uathoibrithe le praghsanna áitiúla a chur i gcomparáid leis na praghsanna náisiúnta a íoctar le haghaidh iasc agus seoladh clár ina gcorpraítear úsáid na faisnéise seo le prionsabail gheilleagracha níos fairsinge faoi threoir phríomheacnamaí iascaigh.

Rialú um Bailiú Sonraí (DCR)

Cuireadh na dualgais náisiúnta faoin Rialú um Bailiú Sonraí, bailiú sonraí geilleagracha ón gcabhlach iascaireachta go mion, chun críche in athuair go rathúil in 2008. Ina theannta sin, cuireadh tuairimí agus freagairtí ar fáil d'fhóiraim faoi stiúir náisiúnta agus faoi stiúir an AE ar bhealach tráthúil cuimsitheach.

An Chomhairle Chomhairleach Réigiúnach um Uiscí an Iarthuaiscirt

Dheimhnigh Comhthionól Ginearálta Bliantúil Chomhairle Chomhairleach Réigiúnach um Uiscí Iarthuaiscirt an AE (NWW-RAC) a bhí ar siúl i mí na Samhna 2008, feidhm BIM d'aon toil mar rúnaíocht oifigiúil don Chomhairle mar aon le ceapadh an Bhoird do théarma breise trí bliana a dheimhniú. Rinne an Rúnaíocht gach gníomhaíocht RAC, lena n-áirítear cruinnithe leis an AE, le comhairlí eile comhairleacha, leis an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéaladh na bhFarraigí (ICES) agus le Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Geilleagrach an AE le haghaidh Iascaigh (STECF) a chomhordú i rith na bliana 2008. Bhain go leor gnó RAC in 2008 le tionscnaimh chaomhnaithe, go háirithe iad sin lena bhain athbhunú trosc, Ceantair Mhuirí faoi Chosaint (MPAanna) agus bainistíocht fhadtéarmach stoc éisc.

IASCAIGH CHLADAIGH

Anailís ar Acmhainní Stoic Ruacan agus Séaclaí na hÉireann
D'fhoill leantúint ar aghaidh ag cur leis an mbunachar eolais um stoic chladaigh na hÉireann, foilsíodh dhá anailís acmhainne

in 2008. San áireamh sa chéad anailís a rinneadh ar stoic ruacan Dhún Dealgan agus Phort Láirge bhí tuairisc ar éifeachtúlacht phleananna bainistíochta iascaigh 2007 a cuireadh i bhfeidhm i measc an dá shaghas iascaigh agus rinneadh scrúdú ar fheidhmiú roinnt gnásanna um measúnú stoic. Ba é an dara hanailís an chéad athbhreithniú cuimsitheach ar iascach séaclaí na hÉireann lena mbaineann tábhacht ar leith ó thaobh na mbád atá níos lú sa chabhlach cladaigh i rith mhíonna an gheimhridh.

Cur i bhFeidhm na gCéad Phleananna Bainistíochta um Iascaigh Chladaigh

Cuireadh céim chinniúnach dinn nuair a seoladh an cháipéis sainchomhairliúcháin 'Rochtain ar Iascach Gliomach a Bhainistiú' i mí Aibreáin. I ndiaidh tréimhse shainchomhairliúcháin 60 lá, inar tionóladh 16 chruinniú um fhaisnéis tionscail timpeall an chósta agus ar ar fhreastail breis is 450 iascaire, fuarthas breis is 70 tuairim ar an togra ó iascairí gliomach, ó Chomharchumainn ghliomach, ó chumainn chladaigh agus ó chumainn táirgeoirí. Rinneadh anailís chuimsitheach orthu seo agus de bhun an aiseolais a fuarthas, rinneadh an togra rochtana a mhionathrú chun dul i ngleic leis na hábhair bhuartha a tugadh chun solais. Cuireadh an togra a fuarthas faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (DAFF) lena bhreithniú agus rinneadh dóthain forbartha air gur féidir é a chur faoi bhráid an Ghrúpa Chomhairligh um Speiceas an Ghliomaigh. Ag an taca seo, áfach, is dodhéanta clár ama chinntitheach le haghaidh tabhairt isteach rochtain bhainistithe in iascach gliomach a mbeidh coinne leis a chinntiú amach anseo. Ní eile a ndearnadh forbairt air ba ea dúnadh neamhchinntitheach iascaigh ruacan Dhún Dealgan agus Phort Láirge de bhun gearáin tríú páirtí a rinneadh leis an gCoimisiún Eorpach in ainneoin chur i bhfeidhm rathúil phleananna bainistíochta in 2007 a bhí ina gcabhair le dul chun cinn suntasach i ndáil le dualgais iomlána chomhlíonta a leagan ar na hiascaigh i ndáil leis an Treoir maidir le Gnáthóga. Rinneadh dul chun cinn suntasach, áfach, agus cur chuige á fhorbairt le déileáil le ceistanna den saghas seo ar bhealach cinntitheach le haghaidh iascaigh chladaigh go ginearálta in 2008 agus déantar tuairisc air seo faoin gcuid dar teideal, Comhshaol.

Iascaigh i Láithreacha Natura 2000

Tá líon iascaigh chladaigh i láithreacha Natura 2000 dúnta faoi láthair agus ní féidir iad a oscailt in athuair nó go gcomhlíontar riachtanais na dTreoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga go hiomlán. Bunaíodh Grúpa Oibre, idir BIM, an DAFF, Foras na Mara, agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra le cur chuige a chomhordú um bainistiú iascaigh laistigh de láithreacha sainithe Natura 2000. Rinne an Grúpa iarraicht chombheartaithe in 2008 cur chuige a bheadh inghlactha ag

an gCoimisiún Eorpach a fhorbairt a chuirfeadh Éire faoi lán-chomhlíonadh. Cruthaíodh níos mó deacrachtaí de bharr nach raibh fáil ar na sonraí riachtanacha bitheolaíochta a theastaíonn le tabhairt faoi na measúnuithe cuí agus dá bhrí sin, níor mhór d'aon chur chuige eatramhach dul i ngleic le conas a dhéanfaí an tionchar ar na hiascaigh a mheasúnú gan teacht ar thacar iomlán agus nua sonraí. Rinneadh dul chun cinn maith faoi dheireadh na bliana 2008 ar an gceist seo agus táthar ag dréim leis gur féidir teacht ar chomhaontú ar réiteach sásúil leis an gCoimisiún Eorpach in 2009.

FORBAIRT DOBHARSHAOTHRAITHE

Bhíothas ag feitheamh le breithniú ar iarratais ar dheontas le haghaidh an chostais lena mbaineann tabhairt faoi infheistíochtaí nua sa tionscal dobharsaothraithe in Éirinn le glacadh an Rialtais faoin bPlean Náisiúnta Bia Mara 2007-2013. Cuimsítear sa phlean, a chuir BIM i dtoll a chéile arna iarraidh ag an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia agus a chuaigh tríd an bpróiseas measúnaithe straitéisigh chomhshaoil, uile bheart nach bhfuil cómhaoiniú curtha ar fáil ina leith ón gCiste Eorpach lascaigh. Tar éis chur chun críche próisis sainchomhairliúcháin phoiblí, chuir BIM an plan faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta, lascaigh agus Bia i mí na Nollag 2008. Chruthaigh sé seo bearna in 2008, i dtaca le ruathar infheistíochta nua a dhéanamh sa tionscal dobharsaothraithe.

FORBAIRT TIONSCADAL

CEADÚ DEONTAS

Ceadú Deontas NDP

Ceadaíodh dhá thionscadal nua dobharsaothraithe i rith 2008 faoin mBeart Forbartha Dobharsaothraithe den Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006. Cruthaíodh deiseanna do cheadú nua faoin gclár seo ó mhaoiniú arna stopadh i ndáil le tionscadail a ceadaíodh roimhe faoin NDP 200-2006.

Ceadú Deontas BIM

Fad a bhí feitheamh ar an bPlean Náisiúnta Bia Mara 2007-2013, níorbh ann d'aon cheadú deontais faoi Thriailscéimeanna Deontais agus faoi Scéimeanna Deontais um Láimhsiú lasc in 2008. Bhí leithdháileadh cistithe BIM le haghaidh dobharsaothrú in 2008 dírithe ar dhliteanais deontais a laghdú i measc tionscadal a ceadaíodh roimh 2008.

ÍOCAÍOCHTAÍ DEONTAIS

Íocaíochtaí Deontais NDP

Rinneadh íocaíochtaí deontais NDP €1,932,663 le 20 tionscadal, le tacaíocht ón NDP 2000-2006, lena bhain €1,476,435 le deontais FIG mar aon le €456,227 le deontais an Stáitchiste. Bhí na híocaíochtaí seo mar bhonn agus thaca

ag infheistíocht iomlán €4.071 milliún agus déantar iad a liostáil de réir tairbhí agus contae ar leathanach 50.

Íocaíochtaí Deontais BIM

D'íoc BIM íocaíochtaí deontais de luach €1,382,991 le 73 tionscadal faoi Scéimeanna Deontais um Láimhseáil lasc agus Dobharsaothraithe agus bhí na híocaíochtaí seo mar thaca ag infheistíocht iomlán €3.457 milliún in 2008.

Tá íocaíochtaí deontais €1,344,661 faoi Scéim Deontais Dobharsaothraithe BIM chomh maith le €38,329 faoi Scéim um Láimhseáil lasc BIM liostaithe de réir tionscadail agus contae ar leathanach 47 agus 49 faoi seach.

CLÁIR FORBARTHA TEICNIÚLA

Táirgeadh Péirsí

Thit an chéad táirgeadh tráchtála péirsí in Éirinn a ndearnadh feirmeoireacht orthu amach sa dara leath de 2008 agus dhá chuideachta a bhfuil síorfhás ag teacht orthu a d'úsáid córais úrscothacha athfhillte tar éis thart ar 250kg a dhíol sa tseachtain le margadh na hEilvéise. Cé gur beag é an méid seo i dtús báire, tiocfaidh broghadh ar an méid seo in 2009 de réir mar a thiocfaidh fás ar tháirgeacht. Sa mhullach air sin, ba sprioc chinniúnach í nuair a bhain an dá chuideachta ghorlainne péirsí a ndearnadh feirmeoireacht orthu in Éirinn a spriocanna amach i dtaca le táirgeacht iasc óg.

An Tionscadal 'UISCE'

Cuireadh Triailchéim Fhiolótach an Tionscadail UISCE (Tuisint a fháil ar Chomhshaoil Sathraithe Shliogéisc na hÉireann / *Understanding Irish Shellfish Culture Environments*) chun críche faoin scéideal in 2008. Ba é ba chuspóir an tionscadail seo córas samhaltaithe ríomhaire a fhorbairt, inar corpraíodh cumas iompar shliogéisc, cláir chaighdeán an uisce agus sruthdhinimic trí struchtúir i measc nithe eile. Triailleadh shaghas éagsúla córais dobharsaothraithe agus chuanta – an Caoláire Rua le haghaidh diúilicíní téide, Cuan Loch Garman le haghaidh diúilicíní grinnill agus Cuan Dhún Garbhán le haghaidh saothrú tristéil oisrí an Aigéin Chiúin. Cabhraíonn an córas seo anailís a dhéanamh ar shraith cásanna bainistíochta lena mbaineann dlús stocála, leagan amach láithreach, treoshuíomh an struchtúir, cumas iompair ar scála cuain agus feirme chomh maith le ceisteanna chaighdeán an uisce. Tá an córas ceannródach nuálaíoch seo ag mealladh spéis idirnáisiúnta agus d'fhéadfadh sé bheith ina bhonn le tionscadal comhoibritheach amháin nó níos mó in 2009. Más ann

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

don mhaoiniú, táthar ag súil le réimse an chumais samhaltaithe a shíneadh le cuanta eile dobhar shaothraithe a chuimsiú in 2009 agus sna blianta amach romhainn.

Forbairt ar Tháirgeadh Feamainne Tráchtála

Is iad BIM an comhpháirtí ceannródach i dtionscadal a ndéanann Foras na Mara maoiniú air faoin gClár um Athrú na Farraige (Sea Change Programme) (mar aon le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste agus OÉ Gaillimh). Thosaigh an tionscadal in 2008 agus tá sé le bheith i bhfeidhm ar feadh tréimhse thrí bliana ina dtabharfar faoi, 'Forbairt agus léiriú na modheolaíochtaí inmharthana gortainne a bhfuil síorfhas ag teacht orthu le haghaidh speiceas feamainne a bhfuil deiseanna féideartha tráchtála arna sainaithint ina dtaobh'. Baineadh spriocanna tionscadail amach agus is amhlaidh go bhfuil an rath ag siúl leis an tionscadal go dtí seo agus leas á bhaint as an bhfeamainn dhearg den speiceas Palmaria agus as an bhfeamainn rua (an tslat mhara) den speiceas Laminaria. D'éirigh go seoigh le táirgeadh gortainne agus cuireadh chun na farraige spiléair shíolaithe d'fhonn go dtiocfaidh fás orthu.

Is ann do bhunfheidhmeanna BIM i bhforbairt tráchtála an tionscail feamainne sa Tuarascáil an Fhóraitm Náisiúnta Feamainne, a mhol gur cheart do BIM tacú go gníomhach le forbairt tionscail feamainne a bhfuil breis agus broghadh suntasach tagtha air agus atá ina thionscal inbhuanaithe.

Cabhraíodh le sé chuideachta feamainne, i rith 2008, a dtáirgí a thaispeáint ar sheastán BIM ag dhá mhóriméacht idirnáisiúnta trádála. Ba iad an dá imeacht seo Biofach i Nürnberg na Gearmáine, agus Natural Products ExpoWest in Anaheim in California. Tá na himeachtaí seo i measc na dtaispeántas trádála um tháirgí orgánacha agus nádúrtha is mó agus is tábhachtaí dá bhfuil ann san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe. Thaispeáin cuideachtaí Éireannacha réimse fairsing de tháirgí feamainne, lena áiríodh comhábhair bhia, forbhia cothaitheach, cosmaidí, táirgí talmhaíochta agus bunábhair. Chuir BIM tacaíocht airgeadais ar fáil do líon cuideachtaí Éireannacha feamainne le tabhairt faoi obair forbartha margaidh, le feabhas a chur ar chumas margáíochta agus ar bhunachar eolais agus scileanna laistigh de chuideachtaí a dhéanann a dtáirgí a easpórtáil.

Lean BIM orthu agus tacaíocht airgeadais á tabhairt acu d'fhorbairt cumais phróiseála agus déantúsaíochta laistigh d'earnáil feamainne na hÉireann. Tugadh deontas do mhonarcha nua próiseála i gContae Chiarraí a bhí ina bhonn leis an bhfás faoi dhó a tháinig ar chumas táirgthe an oibreora chomh maith le méadú suntasach ar easpórtáil táirgí feamainne ó Éirinn. Ina theannta sin, lean BIM orthu agus tacaíocht á cur

ar fáil acu d'fhorbairt cumais theicniúil laistigh de na hearnálacha próiseála bia agus déantúsaíochta comhábhar atá i dtionscal feamainne na hÉireann. Cuireadh tacaíocht airgeadais agus theicniúil ar fáil le linn an mheasúnaithe ar theicneolaíocht nuálaíoch le táirgiúlacht a bhreisiú, le hiomaíocht a chur chun feabhais agus le saghasanna nua táirgí a chruthú.

Táirgeadh Sliogéisc

Bhí an rath faoi shéasúr na ndiúilicíní grinnill ó thaobh bailiú síolta de in 2008. Mheas an tionscal gur bailíodh agus gur athchuireadh breis is 30,000 tona de shíolta ar bhonn uile-oileáin. Má éiríonn lena marthain, beidh táirgeadh méadaithe ina thoradh air seo níos déanaí in 2009 agus go luath in 2010.

Mar an gcéanna, b'ionann táirgeadh diúilicíní téide agus grinnill agus oisrí, den chuid is mó, in 2008 faoi mar a bhí sé in 2007, ar táirgeadh dearfach é seo agus aird ar na coinníollacha deacra trádála a bhí i gceist. B'ann d'fhadhb i dtaca le minicíocht bhitocsaine i measc diúilicíní próiseáilte, go háirithe an tocsain Asaispioraigéad. Bhí orthu dul i mbun táirgí a aisghairm i roinnt tíortha agus rinne sé seo díobháil don cháil a bhí ar Dhiúilicíní na hÉireann thar lear. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia ar na leibhéil cheadaithe ó thaobh minicíochta agus torthaí eile taighde.

CLÁIR RÉIGIÚNACHA, COMHSHAOIL AGUS CAIGHDEÁIN

Measúnú Comhshaoil

Bhí Roinn Comhshaoil BIM, ó thaobh iascaigh chladaigh agus dobharshaothraithe araon, thar a bheith gníomhach in 2008. Tugadh roinnt ceisteanna chun solais ó thaobh neamhchomhlíonadh na hÉireann maidir le hAitheagar 6 den Treoir maidir le Gnáthóga agus ó thaobh rialú míolta farraige ar fheirmeacha bradán i ndiaidh phróiseas sainchomhairliúcháin phoiblí Chlár Oibríoch um Fhorbairt Náisiúnta Bia Mara 2007-2013 (National Seafood Development Operational Programme 2007-2013).

Tugann na ceisteanna seo deacrachtaí mórchúiseacha chun solais le haghaidh iascaigh chladaigh i Láithreacha Natura 2000 agus sa tionscal dobharshaothraithe. Mar fhreagairt air seo, tá BIM, i gcomhoibriú leis an DAFF, le Foras na Mara agus leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, ag cabhrú le forbairt plean a bheidh le cur faoi bhráid na hArd-Stiúrthóireachta Comhshaoil lena bhreithniú, le hÉirinn a chur faoi lán-chomhlíonadh Threoracha an AE maidir le hÉin agus Gnáthóga le haghaidh iascaigh fhiáin agus dobharshaothraithe thar thréimhse chinntithe. Tugadh dul chun cinn suntasach le tuiscint maidir le bainistíocht a dhéanamh ar leibhéil mhíolta

farraige ar fheirmeacha bradán. Táthar ag dréim leis go réiteoidh sé seo na hábhair bhuartha arna sainaithint agus go n-aimseoidh sé réiteach sásúil ar na ceistanna a tugadh chun solais. Ba cheart go dtabharfaidh plé leanúnach ardleibhéil idir an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha lámh chúnta le tuiscint níos fearr a fháil ar na ceistanna lena mbaineann an uile thuairim.

Comhpháirtíocht le Ciste Fiadhúlra an Domhain

Bhí trácht leanúnach ar siúl in 2008 ar mhoileasc agus ar bhradán araon ó thaobh an dobharshaothraithe i gcomhpháirtíocht ghníomhach le Ciste Fiadhúlra an Domhain. Ba é ba chuspóir na gcuinnithe seo tús a chur le forbairt caighdeán WWF do dhobharshaothrú atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Tá Éiceachaighdeán na hÉireann i ndáil le diúllicíní agus le bradáin i bhfeidhm agus á n-úsáid sa tionscal ó thráth déanach sa bhliain 2007 i leith agus bhí leathadh níos mó le sonrú in 2008. Tá Éire chun tosaigh anois san áit mhargaidh ó thaobh dheimhniú na dtáirgí dobharshaothraithe Éicichinntithe nó inbhuanaithe.

Scéim Oisrí Ardchaighdeán na hÉireann

Forbraíodh láithreán gréasáin nua mar chuid de Scéim Oisrí Ardchaighdeán na hÉireann mar bhealach le táirgeoirí táirgí ardchaighdeán agus le pacálaithe agus le miondíoltóirí sa Fhrainc a thabhairt níos gaire dá chéile. Tá fáil ar an láithreán gréasáin as Béarla agus as Fraincis agus ligeann sé don uile chomhalta agus comhpháirtí den scéim IQO an pháirt a ghlacann siad a chothú leis an lucht táirgthe oisrí ardchaighdeán. Forbraíodh an tionscadal seo i gcomhoibriú le hOifig Pháras an Rannáin Forbartha Margaidh.

Bradán Úr Lipéid Rouge na hÉireann

Fuarthas an ceadú deiridh ó údaráis na Fraince do chaighdeán Bradáin Úir Lipéid Rouge i mbliana. Próiseas fadálach agus casta ba ea seo agus léiríonn sé caighdeán fíor-ard bhradán na hÉireann trí bhaint amach an mhaire chaighdeán Fhrancaigh seo atá mór le rá.

Grúpaí CLAMS

Lean grúpaí CLAMS orthu, le tacaíocht ó Oifigigh Réigiún-bhunaithe um Fhorbairt Acmhainní Dobharshaothraithe agus spriocanna oibre á leagan amach acu sna réigiúin. Tugadh faoi phleanáil agus faoi mharcáil loingseoireachta grúpa i nDún Garbhán, i gCill Fhoibhrigh, i gCaisleán na Mainge i gCuan Mó. Eagraíodh glantaí trá i measc an phobail sa Chromán, i mBeanntaí agus in Dá Dhrom. Lean na hoifigigh réigiúnacha orthu agus réimse fairsing seirbhísí á gcur ar fáil acu lena bpobail chósta agus bhí lámh mhór acu, leis, i mbailiú sonraí le

haghaidh aischur táirgí, i dtionscadal cumais iompair UISCE agus i léarscáiliú láithreacha d'fheirmeoirí aonair agus ar bhonn leithead an chuain.

FORBAIRT MARGAIDH AGUS GNÓ

Léargas Ginearálta ar Mhargadh 2008

Bhí titim 8.3% le sonrú i measc díolachán easpórtála ar mhargadh 2007 (€334 milliún) ach fós féin, d'éirigh sách maith leo i dteannta iomaíochta a bhí ag dul i dtreise ar na príomh-mhargáí, chomh maith leis an gclaonadh i measc tomhaltóirí gan táirgí bia mara ardphréimhe a cheannach ach bia mara a cheannach atá níos saoire. B'ionann €381 milliún agus díolacháin bhia mara ar an margadh baile in 2008. Tháinig méadú 3.2% ar dhíolacháin go €185.8 milliún i measc na n-asraonta miondíola sa bhliain atá faoi athbhreithniú. B'fhíor-tréan de shíor í feidhmíocht na ndíolachán i gcás bradán san earnáil mhiondíola, ar ar tháinig méadú 13% sa mhargadh. I gcodarsnacht leis seo, tháinig meath 8.7% ar dhíolacháin san earnáil bhia mara in 2008 ó dhíolacháin 2007 i dteannta an chlaonta ghinearálta i measc díolachán bia mara a easpórtáil, gné a léiríonn an meath atá tagtha ar an ngeilleagar i láthair na huaire. Tá an laghdú atá tagtha ar dhíolacháin bhia mara i measc asraonta seirbhíse bia ag cur le méadú sna díolacháin i measc miondíoltóirí le freastal ar úsáid bia mara sa bhaile agus téann an claonadh seo chun sochair táirgí bradáin go háirithe.

Taighde agus Eolas Margaidh BIM

Chuir earnáil Taighde agus Eolais Mhargaidh BIM breis is 20 tuarascáil ordaithe i gcrích, lena n-áirítear tuarascálacha léargasacha margaidh ar an RA, ar an nGearmáin, ar an Iodáil, ar an Eilbhéis, ar an tSualainn, ar an UAE agus ar Leithinis na hIbéire. Sa mhullach air seo, tá líon méadaitheach próiseálaithe tar éis gabháil le Clár Forbartha Branda BIM agus chuir sé chuideachta an próiseas iomlán branda i gcrích i rith 2008.

Forbairt Gnó

Chuir BIM an clár 'Pleananna a Chruthú lena mbaineann Tábhacht' ('Making Plans that Matter') ar an bhfód le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt sprioctha pleananna gnó agus le feidhmíocht agus fás a chothú. Bhain an clár leis an gClár Cumais Nuálaíoch de chuid Fhiontraíocht Éireann le nuálaíocht san earnáil bhia mara a bhreisiú. Áiríodh sa chlár ceapadh Príomhbhainisteoirí Cuntais BIM le hoibriú go dlúth leis na cuideachtaí agus le tacú le comhghníomhaíochtaí. Ceadaíodh 64 tionscadal cuideachta faoi Scéim Infheistíochta Margaíochta BIM (MIP). Dá bharr, chuir an tionscal infheistíocht €3.3 milliún ar fáil ar an iomlán chun

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

margaíocht a dhéanamh mar aon le deontas BIM €1.33 milliún.

Tionscnamh um Margadh Bia Mara na hÉireann

Thug an tAire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, an tUasal Tony Killeen, T.D. cuireadh d'ionadaithe an tionscail bhia mara teacht le chéile agus le scrúdú agus le tuairisc a dhéanamh ar an gcás sa mhargadh baile lena mbaineann bia mara. Bhí BIM ina gcathaoirleach ar Ghrúpa Tionscnaimh Mhargaidh Bhia Mara na hÉireann (ISMIG) agus ba é ba chuspóir acu tuiscint chomhroinnte a fhorbairt ar phríomhcheisteanna margaidh idir iascairí, próiseálaithe, comharchumainn, miondíoltóirí agus na heagraíochtaí ionadaíocha lena mbaineann agus le torthaí inghníomhaithe a chinntiú a chuirfeadh breis deiseanna i margadh bia mara na hÉireann ar fáil do chabhlach iascaireachta, do phróiseálaithe agus do mhiondíoltóirí na hÉireann. Ar na moltaí tábhachtacha a sainaitníodh sa tuarascáil bhí:

- Ba cheart go mbeidh Clár um Bia Mara Ardchaighdeán BIM (QSP) ina chur chuige bunúil le bia mara a shainaitheint agus a idirdhealú.
- Níor mhór feachtas um chur chun cinn a fhorbairt in 2009, le feachtas a mhúscaill i measc réimse fairsing speiceas a bhfuil fáil orthu ach nach ndéantar a shaothrú mórán agus nach bhfuil an oiread sin airde orthu i measc iascaigh agus an docharshaothraithe.
- Ba cheart forbairt a dhéanamh ar na deiseanna arb ann dóibh maidir le sainaitheint agus le brandáil réigiúnach bhia mara na hÉireann.
- Níor mhór bia mara a áireamh sa dréacht-togra atá á chur i dtoll a chéile ag an gCoimisiún Eorpach a bhfuil sé de chuspóir aige an reachtaíocht um lipéadú bia a chomhdhlúthú agus a nuashonrú.
- Ba cheart go mbeidh baint ghníomhach ag BIM go réigiúnach, go luath in 2009, i scrúdú a dhéanamh ar cibé acu an cuí nó nach cuí don tsamhail reatha um shlí chun an mhargaidh nó ar cibé acu ar ann nó nach ann do shamhail / shamhlacha eile atá níos oiriúnaí, arna dhul i mbun sainchomhairliúcháin leis an tionscal.

Forbairt Trádála

D'fhreastail BIM ar ardtaispeántas bia mara an domhain, Mórthaispeántas Bia Mara na hEorpa (ESE) sa Bhruiséil. Bhí 27 cuideachta Éireannach mar chuid den sárthaispeántas "Scoth Bhia Mara na hÉireann" ("The Best of Irish Seafood") i bPuball

Áit Mhargaidh BIM. Sa mhullach air sin, bhí BIM i gceannas ar thoscaireacht trádála le taispeántais trádála i mBostún, in Biofach agus in Bremen (an Ghearmáin), in Conchypêche (an Fhrainc) agus in El Salon del Club del Gourmet agus in Conxemar (an Spáinn) faoi stiúir BIM.

Bhí BIM ag oibriú ar bhonn leanúnach sa RA leis an lucht ceannaithe san earnáil mhórdhíola, mhiondíola agus seirbhíse bia le deiseanna díolacháin a fhorbairt do sholáthreoirí Éireannacha. Tá imeacht tábhachtach líonraithe ceannaitheoirí ar na bacáin le bheith ar siúl go luath in 2009 in Ambasáid na hÉireann i Londain.

Ciorcal Bia Mara BIM

Rinne BIM forbairt ar an tionscnamh Ciorcail Bhia Mara le tacaíocht agus le spreagadh a thabhairt d'úinéirí bialanna agus do mhiondíoltóirí a chinntíonn ardchaighdeán leanúnach bia mara agus seirbhíse dá gcustaiméirí. Is é cuspóir an chláir lámh chúl a thabhairt don earnáil mhiondíola agus seirbhíse bia ardchaighdeán a bhaint amach i soláthar bia mara le haghaidh miondíola agus díolachán seirbhíse bia agus le leas a bhaint as bia mara ardchaighdeán atá foinsithe go háitiúil agus ar a ndearnadh iascaireacht stuama. Tá sé ina chuspóir ag an gclár muinín tomhaltóirí a fheabhsú trí chumarsáid a bheith le tomhaltóirí agus iad a chur ar an eolas gurb ann do bhia mara agus do sheirbhíse ardchaighdeán sna hasraonta i gCiorcal Bia Mara BIM.

Tá trí chatagóir sa chlár; Speisialtóir Bia Mara, Cuntar Bia Mara san Ollmhargadh agus Comhaltáí Aíochta. Bhain iomlán de 132 asraon ballraíocht amach in 2008, ar méadú 25% é seo i gcomparáid le ballraíocht 2007.

Bhí réimse fairsing tacaíochta ar tairiscint ag BIM a bhí ar fáil do chomhaltáí an Chiorcail Bhia Mara lena n-áirítear gníomhaíocht PR um chur chun cinn, ábhar díolphointe, nuachtlitreacha rialta, ceardlanna, meantóireacht chomh maith le láithreán sainithe gréasáin: www.seafoodcircle.ie.

Oideachas agus Cur chun Cinn

Gné lena mbaineann tábhacht sa tionscnamh seo is ea an fhorbairt agus an dáileadh leanúnach a dhéanann BIM ar bhileoga faisnéise i measc tomhaltóirí maidir leis na tairbhí sláinte lena mbaineann bia mara a ithe. Tá seacht mbileog faisnéise ann sa tsraith iomlán atá sainaoiseach agus a chuimsíonn an tsaoir iomlán ó bhreith go dtí na blianta sinsearach. Déantar an t-ábhar a dháileadh tríd an lucht gairmiúil sláinte, go príomha – dochtúirí, altraí cleachtaidh agus diatéitigh. Sa mhullach air sin, rinneadh sraith bróisiúr oidis a fhorbairt le tomhaltóirí a spreagadh triail a bhaint as na

speicis bhia mara nach mbaintear an oiread sin leasa astu. I dteannta an mhéid sin, chuir BIM cúrsaí um fhorbairt foirne ar siúl le haghaidh pearsanra miondíola agus seirbhíse bia a dhírigh ar chaighdeán agus ar ullmhú bia mara. Cuireadh ábhar oideachais ar fáil do mhúinteoirí meánscoile Eacnamaíocht Bhaile agus cuireadh ceardlanna do dhaltáí tríú leibhéal lónadóireachta ar fáil.

Thacaigh gníomhaíocht phreasa agus mheán leis an uile thionscnamh agus b'fheasacht mhéadaithe ar bhia mara mar rogha fholláin agus éasca bhéile a bhí ina thoradh air seo. Léiríonn figiúirí na ndíolachán méadaithe baile le haghaidh 2008 an fheasacht seo.

Forbairt Próisis agus Caighdeán Táirgí

Tá plean gnó curtha i dtoll a chéile ag BIM arna dhul i gcomhairle le tionscal bia mara na hÉireann, um nuálaíocht bhia mara a stiúradh ag an margadh agus é ina chuspóir díolacháin bhreisluacha €100 milliún a chur ar bun faoi 2013. Déantar léarscáiliú sa phlean ar fhorbairt 'Nuálaíocht Bhia Mara Éireann' (SII), príomhlíonra faoi stiúir BIM atá tiomanta d'fhorbairt nuálaíochta bia mara ar fud trí láthair moil; an tIarlthuaisceart, an Cósta Thoir agus an tIardheisceart. Tá sé ina chuspóir aige seo cur chuige struchtúrtha a chur ar fáil maidir le forbairt táirgí chomh maith le clár Aistrithe Teicneolaíochta, Déantúsaíocht Bhaireannach mar aon le clár Sochrúcháin Chéimithe. Déanfar athbhreithniú ar an bplean, áfach, i dteannta an mheatha gheilleagraigh, i rith 2009 agus déanfar é a mhionathrú de réir na n-acmhainní airgeadais agus soláthair foirne a bhfuil fáil orthu.

Seirbhísí Saotharlainne

Cinneadh, i rith 2008 i ndiaidh athbhreithniú iomlán, deireadh a chur leis an tseirbhís anailíseach mhicribhitheolaíoch de dheasca go raibh sé ina thuiscint go bhféadfaí freastal níos fearr a dhéanamh ar an tionscal ag sainchuideachtaí saotharlainne. Chabhraigh sé seo leis an BIM leas a bhaint as sainacmhainní teicniúla agus lámh chunta á tabhairt do chuideachtaí bia mara seirbhísí caighdeán / sábháilteachta bia mara a chur ar bun chomh maith le déileáil go héifeachtach le ceisteanna comhaimseartha le haghaidh an tionscail trí mheantóireacht agus trí chur ar fáil ceardlann tionscail. Áiríodh na nithe seo a leanas ar na ceardlanna:

- Taispeáint Caighdeán agus Cigireacht ar Áitribh Mhiondíola Bia Mara
- Bunsláinteachas Bia
- Leagan Amach agus Dearadh Próiseála Bia Mara
- Lipéadú Táirgí Bia Mara

Bainistíocht Fuinnimh

